

Cuntas Leithreasa 2023

Vóta 37

Coimirce Shóisialach

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tá socrú déanta agam go n-ullmhófar an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, le haghaidh seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin, le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus le haghaidh deontais áirithe.

Déantar comparáid idir an toradh caiteachais agus na suimeanna

- deonaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas le haghaidh na bliana agus
- curtha ar fáil le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitiúil in 2023 as leithreasaí gan chaitheamh ó 2022, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Caithfear farasbarr €114.481 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi na Polasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta, chomh maith leis na nótaí 1 go dtí 6.

Soláthar seirbhísí na gníomhaireachta

Leanann an Roinn de bheith ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta de chuid na Roinne Airgeadais chun dliteanais cheadaithe íocaíochtaí cnapshuime pinsinéirí Waterford Crystal agus íocaíochtaí pinsin leanúnacha Waterford Crystal a íoc, faoi alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh.2), 2014. Is í an Roinn a bhainistíonn riarachán agus maoiniú thar ceann na Roinne Airgeadais. Tuairiscíonn an Roinn Airgeadais na suimeanna a íoctar sna Cuntais Airgeadais.

I rith 2023 lean an Roinn ar aghaidh ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta (ÍAC). Foráiltear leis an Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022, go maoinítear na híocaíochtaí seo ó Vóta na Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus go dtugtar cuntas orthu sa chuntas leithreasa don Vóta sin.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta i gclárán 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú cé is moite díobh seo a leanas.

Aisghabháil ró-íocaíochtaí

Déantar cuntas ar aisghabháil fiach maidir le ró-íocaíochtaí scéimeanna ginearálta/liúntas tacaíocht ioncaim mar seo a leanas.

- Tugtar aisghabhálacha airgid agus asbhaintí a fhaightear chun cuntais ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra fiachais ábhartha. Coinnítear méideanna aisghabhála neamh-chomhoiriúnaithe ar fionraí agus cuirtear san áireamh iad mar ioncam le laghdú comhfhreagrach ar fhiachas ar a n-aithint. Ós rud é gurb é Vóta 37 an faighteoir is mó d'fháltais ró-íocaíochtaí, coinnítear fáltais neamh-chomhoiriúnaithe i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus postáil ina dhiaidh sin chuig Vóta 37 nó CÁS de réir mar is cuí.
- Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana reatha a ghlanluacháil in aghaidh an chaiteachais sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Láimhseáiltear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte maidir le ró-íocaíocht ar íocaíocht scéime na bliana roimhe sin mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.
- Féadfar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte a tuairiscíodh i mbliain/blianta cuntasaíochta roimhe sin a chur ar ceal sa bhliain chuntasaíochta reatha. Gearrtar aisghabhálacha na bliana roimhe a cealaíodh sa bhliain chuntasaíochta reatha in aghaidh caiteachais na bliana reatha. I gcás ina ndéantar athbhreithniú ar luach ró-íocaíochta a ardaíodh sa bhliain roimhe sin, cuirtear an ró-íocaíocht bhunaidh ar ceal agus ardaítear ró-íocaíocht nua sa bhliain reatha – nuair a tharlaíonn sé seo, déantar an méid a aisghabhtar a mheaitseáil leis an ró-íocaíocht nua agus a thaifeadadh mar ioncam sa bhliain chuntasaíochta reatha.

Aitheantas na n-íocaíochtaí

Cuimsíonn íocaíochtaí na suimeanna sin a thagann le linn na híocaíochta i rith na bliana. Meastar méideanna a bheith íochta nuair a thabhaítear an dliteanas, nuair atá an íocaíocht dlite agus nuair atá treoir na híocaíochta (seic nó ríomhaistriú airgid) tar éis a bheith déanta ar an gcóras bainteach íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí airgid thirim leasa shóisialaigh a dhéantar tríd An Post nuair a eisíodtar iad. Sa chás go dtéann an gnáthdháta dlite íocaíochta ar lá saoire poiblí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le híocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is iondúil go n-aithnítear íocaíochtaí a eisítear go luath trí ríomhaistriú airgid ag bainc nó trí réadú luath ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Ó 2020, eisíonn an Roinn cistí don bhanc lá amháin roimh íocaíochtaí custaiméirí. Tá na híocaíochtaí maoinithe seo san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

Dímheas

Gearrtar dímheas a ríomhtar go bliantúil go hiomlán i mbliain na fála/an choimisiúin. Ní ghearttar aon dímheas i mbliain na diúscartha.

Meastar mar seo a leanas saolréanna fóinteacha agus rátaí amúchta gaolmhara na n-aicmí móra sócmhainní doláimhsithe:

<u><i>Aicme</i></u>	<u><i>Saolré Fhóinteach</i></u>	<u><i>Ráta Amúchta</i></u>
Bogearraí Oibriúcháin Móra	10 mbliana	10%
Bogearraí Eile	5 bliana	20%

Ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas rialaithe inmheánaigh airgeadais atá éifeachtach a chothabháil agus a fheidhmiú.

Tá an fhreagracht seo á cleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí bainteacha coiscithe nó go mbeidís braite i mbealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na Vótála don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe a chuimsíonn na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá gnásanna foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá gnásanna maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta agus, go háirithe, an méid seo a leanas

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil atá coinnithe faoi athbhreithniú ag lucht ardbhainistíochta.
- go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais bliantúla agus tréimhsiúla a léiríonn feidhmiúchán airgeadais in aghaidh na réamhaisnéise.
- go bhfuil córas bainistíochta rioscaí á oibriú sa Roinn.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na córais TFC a chinntiú.

- go bhfuil treoirlínte rialaithe iomchuí ann d'infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla ann do bhainistíocht tionscadal.
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oithe go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Bíonn an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí á hathbhreithniú go tréimhsiúil agam féin agus ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go leantar suas moltaí ó thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú. Tá sonraí maidir le 38 conradh neamhiomaíoch curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 28 conradh (os cionn €25,000), caiteachas iomlán de €9,760,817 (gan CBL) in 2023 mar atá leagtha amach thíos:

- 23 conradh soláthraí seirbhíse le caiteachas iomlán de €8,926,849 in 2023 chun an tSeirbhís Infhostaitheachta a sheachadadh ar fud an Stáit. Foilsíodh larratas ar Thairiscintí (IT) chun teacht in ionad na gconarthaí EmployAbility i Meán Fómhair 2023. Tá an próiseas seo beagnach críochnaithe faoi láthair agus na conarthaí deiridh le bronnadh faoi dheireadh mhí an Mhárta 2024.
- Measadh go raibh dhá chonradh chun seirbhís an Bhainisteora Craoibhe a sholáthar neamhchomhlíontach. Ba é an caiteachas a tabhaíodh don dá cheann ná €575,460. Chríochnaigh an Roinn comórtas oscailte don dá phost i mí Iúil 2024.
- Rinneadh conradh le haghaidh tacaíochta líonra Ionad Sonraí a athnuachan chun an riosca do chobhsaíocht bhonneagar na Roinne a mhaolú agus aistriú chuig líonra nua. Críochnaíodh an conradh i Meán Fómhair 2023 le caiteachas de €96,068 in 2023.
- Sháraigh an caiteachas ar an gconradh Taighde Margaidh & Suirbhéanna uasluach an chonartha. Rinneadh an tseirbhís a thairiscint arís agus síneofar conradh nua faoi dháta go luath in ráithe 2 2024. Ba é an caiteachas ar an modhnú seo ná €126,040 in 2023.
- Bronnadh conradh tairisceana aonair chun an riosca i gcoinne cibearbhagairtí a laghdú tar éis níos mó aithrise a bheith á dhéanamh i leith suíomhanna RCS. Caitheadh €36,400 in 2023.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh i dtuairisceán bliantúil 2023 40/2002.

Ina theannta sin, tabhaíodh caiteachas de €3,155,190 ar 3 conradh a bhí liostaithe ar thuairisceán bliantúil 2021 agus 2022 40/2002 a measadh a bheith neamhchomhlíontach:

- Cuireadh síneadh go dtí Iúil 2023 le conradh amháin atá liostaithe ar 40/02 2021 chun cláir oideachais a sholáthar d'fhoireann an RCS ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann chun seachadadh na sraithe reatha de chlár oideachais chreidiúnaithe a éascú, go dtí go rachadh dámhachtainí Dhearbhu Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann in éag i mí na Samhna 2023. Tabhaíodh caiteachas €184,670 in 2023. Cuireadh tús le conradh nua i mí Iúil 2023.
- Thabhaigh conradh le haghaidh léirmhínte atá liostaithe ar thuairisceán 2022 40/02 caiteachas de €1,814,222 in 2023. Chuir an Roinn tús le conradh léirmhínte nua i mí Feabhra 2023 tríd an OSR.
- Thabhaigh conradh amháin do sholáthar leictreachais caiteachas de €1,156,298. Cuireadh tús le conradh nua trí chreat OSR i mí Aibreáin 2023.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaitníonn agus a thuairisceann príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad seo a shainaitint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha riosca.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhnímh gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithníodh a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Obair Chumaisc

Forbraíodh Beartas Oibre Cumaisc an RCS, a seoladh i Meitheamh 2022 agus atá i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2022, i gcomhréir leis an gCreat Beartais um Obair Chumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse 2022, a foilsíodh i Márta 2022.

Tá an polasaí treoraithe ag an bprionsabal uileghabhálach nach mór dúinn leanúint de bheith ar fáil dár gcustaiméirí agus de bheith ag freastal orthu. Ciallaíonn sé sin, de riachtanas, nach féidir le hobair chumaisc oibriú i ngach cás do gach ról nó do gach foireann.

Mar sin, tá cur chuige éagsúil i bhfeidhm ag an Roinn maidir le tinreamh san ionad oibre faoin bpolasaí agus baineann formhór na socrúithe oibre cumaiscthe ó fhreastal lá amháin sa tseachtain ar a laghad san ionad oibre suas go lánaimseartha. Is féidir le gach ball foirne cur isteach ar Obair Chumaisc.

Ó 2022 i leith, tá próiseas iarratais bliantúil á oibriú ag an Roinn ar obair chumaisc.

Ag deireadh na bliana 2023 bhí socrú oibre cumaisc cheadaithe i bhfeidhm ag thart ar 58% den fhoireann ar fad (líon foirne de 4,072). Díobh siúd a faomhadh d'Obair Chumaisc, bhí 22% (902) ag obair go cianda 1 lá sa tseachtain, bhí 30% (1,237) ag obair go cianda 2 lá sa tseachtain, bhí 24% (1,000) ag obair go cianda 3 lá sa tseachtain, bhí 23% (921) den fhoireann ag obair go cianda 4 lá sa tseachtain, bhí níos lú ná 1% (9) ag obair go cianda níos lú ná 1 lá sa tseachtain agus bhí níos lú ná 1% (3) ag obair go cianda 5 lá sa tseachtain le faomhadh an Rúnaí Cúnta nó mar bheart cheadaithe um fhreastal réasúnach.

Chun leas a bhaint as obair chumaisc ní mór don fhoireann aontú leis an mBeartas um Obair Chumaisc agus le Beartas Teile-Oibriúcháin.

Chun riosca sáruithe ar shonraí a mhaolú eisítear ríomhairí glúine atá criptithe don fhoireann go léir. Deimhnítear céannacht na foirne le hainm úsáideora agus pasfhocal araon roimh rochtain ar aon chóras de chuid na Roinne. Faightear rochtain ar Líonra Príobháideach Fíorúil (VPN) criptithe.

Tá an roinn tiomanta i gcónaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Beartas Oibre Cumaisc ar bhonn leanúnach, agus é a oiriúnú nuair a theastaíonn, ar an ábhar go bhfuil timpeallacht na hoibre cumaisc agus na hoibre hibridí fós ag athrú. Tá sé mar sprioc leanúnach ag an roinn a bheith ina heagraíocht fhorásach a ghlacann le húsáid teicneolaíochtaí nua agus nuálacha, a dhéanann athshamhlú leanúnach ar phoist, a chothaíonn fórsa saothair acmhainneach agus a thacaíonn leis chun seirbhísí inmharthana a chur ar fáil dár gcustaiméirí, le hobair chumaisc chomh maith.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Déantar coigeartuithe idir-scéimeanna a thaifeadtar ar an gcóras íocaíochta custaiméara a iontráil de láimh ar chóras bogearraí a ghineann dialann achoimrithe a úsáidtear chun an córas cuntasíochta airgeadais a nuashonrú. De bharr cumais tuairiscithe neamh-chomhoiriúnacha ní féidir na coigeartuithe idir-scéimeanna a rinneadh ar an gcóras íocaíochta custaiméirí agus ar an gcóras cuntasíochta airgeadais a réiteach. Tá tús curtha le tionscadal chun an próiseas láimhe seo a athsholáthar ag baint úsáide as réiteach uathoibrithe, agus is é Aibreán 2025 an dáta forfheidhmithe a bhfuiltear ag dréim leis. Aithníodh earráidí iontrála láimhe le linn tástála. Ba é an toradh a bhí ar cheartú na n-earráidí seo ná athmhuipearú de €8.5 milliún (glan) ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig an gCuntas Leithreasa Vóta in 2023. Ní dhearnadh aon difear d'íocaíochtaí do chustaiméirí.

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2023 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

John McKeon

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

19 Iúil 2024

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 37 Coimirce Shóisialach

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 37 Coimirce Shóisialach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Coimirce Sóisialaí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tá roinnt caibidlí i mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 ina dtéitear i ngleic le cúrsaí a bhaineann le Vóta 37 Coimirce Shóisialach.

Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh

Tagraítear i gCaibidil 13 d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh os cionn na teidlíochta faoi scéimeanna arna reáchtáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Measaim go bhfuil leibhéal measta na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh neamhrialta ábhartha do Vóta 37, mar a mhínítear sa chaibidil.

Deireadh á chur leis an Scéim Tionscnaimh Post

Déantar iniúchadh i gCaibidil 14 ar conas a bhainistíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí an Scéim Tionscnaimh Post, nach bhfuil tar éis glacadh le hiarratasóirí nua ón mbliain 2004.

Rialú na Scéime Saorthaistil

Déantar iniúchadh i gCaibidil 15 ar rialú na Roinne Coimirce Sóisialaí den Scéim Saorthaistil, lena n-áirítear maoiniú na scéime agus rochtain ar an scéim.

Úsáid sonraí fíor-ama na gCoimisinéirí loncaim i measúnaithe ar theacht isteach agus ioncam don leas sóisialach

Déantar iniúchadh i gCaibidil 16 ar úsáid na Roinne Coimirce Sóisialaí d'fhaisnéis fhíor-ama an phárolla, a fuarthas ó Oifig na gCoimisinéirí loncaim, chun cabhrú leis an bpróiseas measúnaithe ioncaim.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh cásanna ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

30 Iúil 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhiráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaitnínm agus measúnaím rioscaí an mhiráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaitnínm aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 37 um Choimirce Shóisialach

Cuntas Leithreasa 2023

			2023	2022
	Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh				
Riarachán				
<i>Leagan Bunaidh</i>	600,963			
<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	1,390			
<i>Forlíontach</i>	12,000			
		614,353	599,999	596,105
Pinsin				
<i>Leagan Bunaidh</i>	1,162,850			
<i>Forlíontach</i>	70,029			
		1,232,879	1,229,282	1,136,457
Aois oibre – tacaíochtaí ioncaim				
<i>Leagan Bunaidh</i>	2,856,736			
<i>Forlíontach</i>	(3,017)			
		2,853,719	2,802,265	2,526,407
Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta				
<i>Leagan Bunaidh</i>	711,945			
<i>Forlíontach</i>	(80,124)			
		631,821	622,557	1,438,992
Breiteacht, míchumas agus cúramóirí				
<i>Leagan Bunaidh</i>	3,588,953			
<i>Forlíontach</i>	310,716			
		3,899,669	3,893,697	3,603,183
Leanaí				
<i>Leagan Bunaidh</i>	2,678,794			
<i>Forlíontach</i>	377,441			
		3,056,235	3,035,029	2,830,832
Íocaíochtaí forlíontacha, srl.				
<i>Leagan Bunaidh</i>	580,141			
<i>Forlíontach</i>	40,373			
		620,514	616,641	685,431
Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh		—	—	—

		2023	2022
	Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas comhlán			
<i>Leagan Bunaidh</i>	12,180,382		
<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	1,390		
<i>Forlíontach</i>	727,418		
		12,909,190	12,799,470
<i>Bain</i>			
Leithreasáí i gcabhair			
<i>Leagan Bunaidh</i>	257,330		
<i>Forlíontach</i>	49,704		
		307,034	311,795
Glancaiteachas			
<i>Leagan Bunaidh</i>	11,923,052		
<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	1,390		
<i>Forlíontach</i>	677,714		
		12,602,156	12,487,675
			12,464,677

Farasbarr

Caithfear farasbarr an mhéid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste.

	2023	2022
	€	€
Farasbarr	114,481,115	151,670,632
Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha	—	(1,390,000)
Farasbarr le tabhairt suas	114,481,115	150,280,632

John McKeon

Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

19 Iúil 2024

Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2023

	2023	2022
	€000	€000
Costas an chláir	12,199,471	12,221,302
Pá	343,659	329,354
Neamhphá	256,340	266,751
Caiteachas comhlán	12,799,470	12,817,407
<i>Bain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	311,795	352,730
Glancaiteachas	12,487,675	12,464,677
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil		
<i>Athruithe ar réadmhaoín, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(7,721)	
Dímheas	3,769	
Caillteanas ar dhiúscairtí	20	
<i>Athruithe ar shócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	(24,482)	
Amúchadh	28,632	
	218	8,214
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha		
(Méadú)/laghdú ar réamhíocaíochtaí	(1,436)	
Méadú/(laghdú) ar chostais fabhraithe	(1,227)	
	(2,663)	995
Caiteachas díreach	12,485,230	12,473,886
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glancaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	123,379	110,378
Measchíosanna ^a	14,198	14,198
Glanchostas an chláir	12,622,807	12,598,462

Nóta ^a Baineann measchíosanna le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Cuimsíonn glanmhéid chaiteachas na seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 37 a tabhaíodh in áiteanna eile ^a

		2023	2022
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ^b	708	580
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	104,616	95,519
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	17,079	12,479
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	743	693
Vóta 20	An Garda Síochána	124	9
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ^c	42	1,031
An Príomhchiste – Pinsin na nAirí		67	67
		123,379	110,378

- Nóta ^a Seachas Oifig na nOibreacha Poiblí, baineann sé seo le Vóta 37 agus leis an gCiste Árachais Shóisialaigh.
- ^b Ní áirítear leis na costais a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar riaradh scéimeanna Covid-19 thar ceann na Roinne. Rinneadh oibriú na scéimeanna seo a chomhtháthú go hiomlán laistigh de chórais na gCoimisinéirí Ioncaim.
- ^c Tá muirear 2023 bunaithe ar úsáideoirí iarbhair na Roinne seachas ar líon na ndaoine a bhí mar bhonn le muirear 2022.

Nóta 2 Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €000	2022 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	2.1	8,050	4,278
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	122,968	126,110
lomlán na Sócmhainní seasta		131,018	130,388
Sócmhainní reatha			
Fardail	2.4	—	—
Réamhíocaíochtaí	2.5	65,570	64,134
Cuntas fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh ^a		—	—
Iarmhéideanna eile dochair	2.6	202,340	208,002
lomlán na sócmhainní reatha		267,910	272,136
Lúide Dliteanais Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	153,610	171,536
Costais fhabhráithe	2.7	59,857	61,084
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.8	43,930	35,391
Glanmhaoiniú ón Státhiste	2.9	4,800	1,075
lomlán na ndliteanas reatha		262,197	269,086
Glansócmhainní reatha		5,713	3,050
Glansócmhainní		136,731	133,438
Léirithe ag:			
Cuntas Maoiniúchán Stáit	2.10	136,731	133,438

Nóta ^a Is ionann seo agus airleacain ó Vóta 37 do chuntas fionraí fóirdheontais an Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) nach raibh caite faoi dheireadh na bliana.

2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ^a

	Troscán agus feistithe €000	Trealamh oifige agus TF €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ^b			
Ar an 1 Eanáir 2023	5,846	15,954	21,800
Breiseanna	11	7,710	7,721
Diúscairtí ^c	(1,896)	(4,443)	(6,339)
Ar 31 Nollaig 2023	3,961	19,221	23,182
Dímheas Carntha			
Ar an 1 Eanáir 2023	4,777	12,905	17,682
Dímheas don bhliain	381	3,388	3,769
Dímheas ar dhiúscairtí	(1,876)	(4,443)	(6,319)
Ar 31 Nollaig 2023	3,282	11,850	15,132
Glansócmhainní			
Ar an 31 Nollaig 2023	679	7,371	8,050
Ar an 31 Nollaig 2022	1,069	3,209	4,278

Nótaí ^a Áirítear le costas nó luacháil ag tús agus deireadh na bliana sócmhainní a fuarthas le haghaidh níos lú ná €10,000 roimh 1 Eanáir 2021.

^b Aistríodh sócmhainní bogearraí faighte agus forbartha go sócmhainní Doláimhsithe ar an 1 Eanáir 2023, (nóta 2.2).

^c Mar thoradh ar chleachtadh aitheantais sócmhainní a rinneadh in 2023, baineadh sócmhainní scortha agus as feidhm den chlár. Mar thoradh ar an gcleachtadh seo freisin baineadh roinnt míreanna aonair le luachanna faoi bhun €10,000 de réir imlitir 21/2020.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe ^a

	Fuarthas ceadúnais bhogearraí agus bogearraí forbartha €000	Sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Sócmhainní comhlána			
Ar an 1 Eanáir 2023	190,221	18,611	208,832
Coigeartuithe ^b	2,246	(580)	1,666
Breiseanna	450	24,032	24,482
Diúscairtí	(678)	—	(678)
Aistriú	26,293	(26,293)	—
Ar 31 Nollaig 2023	218,532	15,770	234,302
Amúchadh Carntha			
Ar an 1 Eanáir 2023	82,562	—	82,562
Amúchadh don bhliain	28,632	—	28,632
Coigeartú ^b	818	—	818
Amúchadh ar dhiúscairtí	(678)	—	(678)
Ar 31 Nollaig 2023	111,334	—	111,334
Glansócmhainní			
Ar an 31 Nollaig 2023	107,198	15,770	122,968
Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2022	107,499	18,611	126,110

Nótaí ^a Ar 1 Eanáir 2023, aistríodh sócmhainní bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh ó Réadmhaoin, gléasra agus trealamh.

^b Rinneadh coigeartuithe arbh fhiú €1.67 milliún san iomlán ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (SCF) toisc go raibh caiteachas tabhaithe i mblianta roimhe seo maidir le tionscadail SCF rangaithe go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil. Rinneadh coigeartú breise (€580,000 san iomlán) maidir le tionscadail SCF ar cheart caipitliú a dhéanamh orthu in 2022. Rinneadh coigeartú arbh fhiú €818,000 san iomlán le haghaidh amúchta i leith na dtionscadal seo ar cheart a bheith caipitlithe roimh 2023.

2.3 Banc agus airgead tirim

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
larmhéideanna roimh ré An Post ^a	148,316	140,390
larmhéideanna PMG (rótharraingt)	(305,557)	(312,648)
larmhéid cuntas bainc tráchtála	3,631	722
	(153,610)	(171,536)

Nóta ^a Mar ghníomhaire íocaíochta scéime, tá An Post réamh-mhaoinithe le Vóta 37 agus le CÁS chun dliteanais chaiteachais na Roinne a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2023, ba é €260.3 milliún an t-iarmhéid comhcheangailte a bhí ag An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS. Ba é an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2022 ná €246.4 milliún.

2.4 Fardail

Déantar míreanna ardéilimh ar luach íseal a chaitheamh go hiomlán sa bhliain agus ní aicmítear iad mar mhíreanna stoic a thuilleadh.

2.5 Réamhíocaíochtaí

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí sonracha cláir ^a	60,957	59,277
Tacaíocht do bhogearraí	4,007	3,590
Riarachán	606	983
Réamhíocaíochtaí eile	-	284
	65,570	64,134

Nóta ^a Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí a chuireann scéimeanna ar fáil. Cuirtear airleacain ar fáil do scéimeanna Tionscnaimh Fostaíochta Pobail agus Poist sula dtosaíonn siad chun costais tosaigh a chlúdach agus déantar iad a fhorchúiteamh go ginearálta laistigh de 12 mhí óna n-eisiúint. Soláthraítear cúlchnapanna le haghaidh sreafa airgid do Sheirbhísí Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) chun costais leanúnacha a chlúdach agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach le gach íocaíocht a dhéantar. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.6 Iarmhéideanna eile dochair

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Airleacain do An Post le haghaidh caiteachas postais	1,007	1,007
Airleacain chuig Pobal	6,277	6,145
Airleacan chuig na Coimisinéirí Ioncaim ^a	630	9,752
Réamhíocaíochtaí scéime ^b	169,009	164,220
Fionraí dochair eile	2,075	2,096
<i>Dlite ó CÁS maidir le ^c</i>		
• Fáltais a bhaineann le Vóta a gnóthaíodh trí CÁS	14,536	18,121
• Íocaíochtaí trí Vóta thar ceann CÁS	8,737	6,638
• Íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS	69	23
	202,340	208,002

- Nótaí
- ^a Baineann airleacain leis na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta agus leis an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá
 - ^b Is éard is réamhíocaíochtaí scéime ann ná íocaíochtaí scéime a dhéantar sa bhliain nach ngearrtar sa bhliain reatha.
 - ^c Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh anseo.

2.7 Costais fhabhraithe

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Fabhruithe sonracha cláir ^a	51,164	47,071
Fabhruithe eile	5,595	8,249
Seirbhísí TF agus tacaíocht	1,712	4,014
Speansais riaracháin	1,386	1,750
	59,857	61,084

Nóta ^a Airgead atá dlite d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP) thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

2.8 Iarmhéideanna eile creidmheasa

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	3,610	3,675
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	3,148	3,029
Muirear sóisialta uilíoch	778	761
Cáin shiarchoinneálach seirbhísí gairmiúla	4,619	4,399
Cáin bhreisluacha	213	17
Ranníocaíochtaí pinsin	1,185	1,827
Cáin mhaoine áitiúil	37	37
	13,590	13,745
Asbhaintí párolla	2,161	2,131
Dlíte do CÁS i ndáil le ^a		
• Íocaíochtaí trí CÁS thar ceann Vóta	3,387	4,273
• Íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS	10,317	4,937
Aisghabhálacha ró-íocaíochta neamh-chomhoiriúnaithe	2,894	4,165
Aisghabháil fiachais thar ceann tíortha eile de chuid an AE	166	927
Dlíte do OOP maidir le troscán oifige, obair thógála agus obair leictreach	168	1,080
Dlíte do RLCMLÓ maidir leis an Scéim Íocaíochta Aitheantais Cóiríochta	10,285	3,660
Nithe sochair fionraí eile	962	473
	43,930	35,391

Nóta ^a Íocaíochtaí scéime amháin. Níl costais riaracháin san áireamh anseo.

2.9 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ar an 31 Nollaig	2023 €000	2022 €000
Farasbarr le tabhairt suas	114,481	150,281
Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha	-	1,390
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(109,681)	(150,596)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	4,800	1,075
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
larmhéideanna dochair: ar fionraí	202,340	208,002
CÁS: ar fionraí	-	-
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(153,610)	(171,536)
Dlite don Stát	(13,590)	(13,745)
larmhéideanna sochair: ar fionraí	(30,340)	(21,646)
	(197,540)	(206,927)
	4,800	1,075

2.10 Cuntas Maoiniúchán Stáit

	Nóta	2023 €000	2022 €000
larmhéid ar an 1 Eanáir		133,438	142,698
Íocaíochtaí Amach ón Vóta			
Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Cuntas	12,602,156	
Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha	Cuntas	-	
Farasbarr le tabhairt suas	Cuntas	(114,481)	
Glanvóta		12,487,675	12,464,677
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	123,379	110,378
Míreanna neamhairgid – Coigeartú sócmhainní doláimhsithe	2.2	848	(51)
Caiteachas nár bhain le hairgead tirim – Measchíos	1	14,198	14,198
Glanchoistas an chláir	1	(12,622,807)	(12,598,462)
larmhéid ar an 31 Nollaig		136,731	133,438

2.11 Gealltanais

a) Gealltanais dhomhanda	2023	2022
ar an 31 Nollaig	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí	18,897	24,853
Caiteachas ar dheontais neamh-chaipitil	59,367	56,106
Tionscadail chaipitil	13,828	18,515
lomlán na ngealltanais atá infhorghníomhaithe le dlí	92,092	99,474
b) Cláir deontais neamhchaipitil		
larmhéid tosaigh	56,106	38,473
Deontais a íocadh sa bhliain	(98,963)	(72,610)
Ceangaltas deontais nua	102,224	90,375
Deontais curtha ar ceal	—	(132)
larmhéid deiridh	59,367	56,106

2.12 Dlíteanais aibithe

ar an 31 Nollaig	2023	2022
	€000	€000
Meastachán ar dhlíteanais aibithe nach n-urscaoiltear ag deireadh na bliana	93	209

2.13 Dlíteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le 61 cás dlí a d'fhéadfadh dlíteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níltear cinnte faoi mhéid ná tráth na ndlíteanais féideartha sin.

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	334,692		
	<i>Forlíontach</i>	12,000		
		346,692	343,659	329,354
ii	Taisteal agus cothú	4,227	3,035	1,931
iii	Oiliúint, forbairt agus costais theagmhasacha	16,174	13,409	13,698
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	15,488	14,998	15,327
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	79,937		
	<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	390		
		80,327	72,703	61,478
vi	Costais áitreabh oifige			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	22,745		
	<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	1,000		
		23,745	18,250	18,539
vii	Comhairleoireacht	1,100	499	1,120
viii	Íocaíochtaí le haghaidh seirbhísí gníomhaireachta	103,600	111,250	136,262
ix	Tionscadail bhainteacha ríomhrialtais	23,000	22,196	18,396
		614,353	599,999	596,105

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €4.227 milliún; toradh €3.035 milliún

D'eascair an gannchaitheamh de €1.192 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc nár tháinig an caiteachas taistil i gcrích mar gheall ar níos lú cruinnithe pearsanta ná mar a measadh.

vii Comhairleoireacht

Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €499,000

Tharla an gannchaitheamh de €601,000 i gcomparáid leis an soláthar sna meastacháin go príomha toisc nár cuireadh tús le dhá thionscadal chomhairleacha mhóra a bhí sceidealaithe do 2023 de réir na mbunlínte ama.

Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialta, seirbhísí, íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán - pá			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	334,692		
	<i>Forlíontach</i>	12,000		
			346,692	329,354
A.2	Riarachán - neamhphá			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	266,271		
	<i>Le Tabhairt Suas – Suim larchurtha</i>	1,390		
			267,661	266,751
Pinsin				
A.3	Pinsean Stáit (Neamhranníocach)			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	1,162,850		
	<i>Forlíontach</i>	70,029		
			1,232,879	1,136,457
Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim				
A.4	Liúntas Cuardaitheora Poist			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	1,942,740		
	<i>Forlíontach</i>	(70,940)		
			1,871,800	1,641,486
A.5	Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	642,850		
	<i>Forlíontach</i>	37,458		
			680,308	613,976
A.6	Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	11,390		
	<i>Forlíontach</i>	709		
			12,099	12,252
A.7	Liúntas Banchéile Thréigthe			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	400		
	<i>Forlíontach</i>	49		
			449	498
A.8	Íocaíochtaí Bunúsacha Liúntas Leasa Forlíontach			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	120,320		
	<i>Forlíontach</i>	1,665		
			121,985	121,595

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A.9	Cúnamh Feirme			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	49,400		
	<i>Forlíontach</i>	4,768		
			54,168	53,939
A.10	Íocaíochtaí Riachtanas Breise			55,665
	<i>Leagan Bunaidh</i>	66,010		
	<i>Forlíontach</i>	5,931		
			71,941	71,631
A.11	Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile			57,668
	<i>Leagan Bunaidh</i>	23,626		
	<i>Forlíontach</i>	17,343		
			40,969	40,012
	Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta			23,267
A.12	Fostaíocht don Phobal			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	366,620		
	<i>Forlíontach</i>	(26,428)		
			340,192	340,783
A.13	Scéim Shóisialta Tuaithe			329,015
	<i>Leagan Bunaidh</i>	51,282		
	<i>Forlíontach</i>	(319)		
			50,963	49,915
A.14	Tús			48,870
	<i>Leagan Bunaidh</i>	102,630		
	<i>Forlíontach</i>	(15,353)		
			87,277	83,402
A.15	Tionscnamh Post			90,177
	<i>Leagan Bunaidh</i>	11,540		
	<i>Forlíontach</i>	(42)		
			11,498	10,692
A.16	An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair			11,865
	<i>Leagan Bunaidh</i>	34,780		
	<i>Forlíontach</i>	(4,723)		
			30,057	29,797
A.17	Liúntas chun Fhilleadh ar an Oideachas			31,943
	<i>Leagan Bunaidh</i>	49,080		
	<i>Forlíontach</i>	(17,641)		
			31,439	31,018
				40,272

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A.18	JobsPlus			
	Leagan Bunaidh	4,900		
	Forlíontach	(1,122)		
			3,778	4,198
A.19	An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúla			
	Leagan Bunaidh	1		
	Forlíontach	20		
			21	14,678
A.20	Clubanna Fostaíochta			
	Leagan Bunaidh	1		
	Forlíontach	(1)		
			-	2,595
A.21	Clár Socrúcháin Taithí Oibre			
	Leagan Bunaidh	4,520		
	Forlíontach	(1,318)		
			3,202	2,589
A.22	Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta Eile			
	Leagan Bunaidh	7,981		
	Forlíontach	(2,146)		
			5,835	10,566
A.23	Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP)			
	Leagan Bunaidh	78,310		
	Forlíontach	(17,565)		
			60,745	13,007
A.yy	Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP)			
	Leagan Bunaidh	50		
	Forlíontach	163		
			213	638
A.zz	Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)			
	Leagan Bunaidh	250		
	Forlíontach	6,351		
			6,601	838,579

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí				
A.24	Liúntas Míchumais			
	Leagan Bunaidh	1,996,044		
	Forlíontach	170,771		
			2,166,815	2,015,919
A.25	Pinsean na nDall			
	Leagan Bunaidh	12,490		
	Forlíontach	484		
			12,974	12,802
A.26	Liúntas Cúramóra			
	Leagan Bunaidh	1,028,470		
	Forlíontach	52,780		
			1,081,250	993,159
A.27	Liúntas Cúraim Bhaile			
	Leagan Bunaidh	246,596		
	Forlíontach	23,889		
			270,485	224,476
A.28	Deontas Tacaíochta Cúramóra			
	Leagan Bunaidh	268,563		
	Forlíontach	66,328		
			334,891	327,534
A.29	Scéim Fóirdheontas Pá			
	Leagan Bunaidh	24,000		
	Forlíontach	(1,495)		
			22,505	20,466
A.30	Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais			
	Leagan Bunaidh	12,790		
	Forlíontach	(2,041)		
			10,749	8,827
Leanaí				
A.31	Sochar Linbh			
	Leagan Bunaidh	2,137,610		
	Forlíontach	296,392		
			2,434,002	2,286,444
A.32	Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht			
	Leagan Bunaidh	363,204		
	Forlíontach	35,928		
			399,132	361,090

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Toradh
		€000	€000	€000
A.33	An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair			
	Leagan Bunaidh	11,880		
	Forlíontach	(1,595)		
			10,285	11,228
A.34	Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua			
	Leagan Bunaidh	62,900		
	Forlíontach	24,354		
			87,254	85,867
A.35	Béilí Scoile			
	Leagan Bunaidh	94,400		
	Forlíontach	21,900		
			116,300	77,511
A.36	Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí			
	Leagan Bunaidh	8,800		
	Forlíontach	462		
			9,262	8,692
Íocaíochtaí Forlíontacha, gníomhaireachtaí agus seirbhísí ilghnéitheacha				
A.37	Forlíonadh Cíos			
	Leagan Bunaidh	62,787		
	Forlíontach	(502)		
			62,285	75,149
A.38	Liúntas Tacaíochta Teileafóin			
	Leagan Bunaidh	8,710		
	Forlíontach	(54)		
			8,656	8,513
A.39	Pacáiste Sochair Teaghlaigh			
	Leagan Bunaidh	87,049		
	Forlíontach	1,075		
			88,124	87,766
A.40	Saorthaisteal			
	Leagan Bunaidh	95,000		
	Forlíontach	(2,626)		
			92,374	89,569

		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		2023 Toradh	2022 Toradh
		€000	€000	€000	€000
A.41	Liúntas Breosla				
	Leagan Bunaidh	249,666			
	Forlíontach	44,920			
			294,586	286,435	353,813
A.42	Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh				
	Leagan Bunaidh	60,858			
	Forlíontach	(1,622)			
			59,236	59,184	56,309
A.43	Seirbhísí ilghnéitheacha				
	Leagan Bunaidh	16,071			
	Forlíontach	(818)			
			15,253	13,931	14,312
A.44	Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi alt 9(9)(a) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005		—	—	—
Iomlán			12,909,190	12,799,470	12,817,407

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas na gclár neamh-riaracháin (+/- 5% agus €100,000).

A.3 Pinsean Stáit (Neamhranníocach)

Soláthar meastacháin €1,162.85 milliún; toradh €1,229.282 milliún. Tharla an róchaitheamh de €66.432 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €50.02 milliún. Ba é an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire ná €24.474 milliún ar bhónas na Nollag, €18.664 milliún ar bhónas an earraigh, €6.805 milliún ar an gcnapshuim do mhaireachtáil aonair agus €77,000 ar an gcnapshuim do leanbh cáilithe.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná insreabhadh níos airde de thairbhíthe cosanta sealadaí ná mar a measadh.

A.4 Liúntas Cuardaitheora Poist

Soláthar meastacháin €1,942.74 milliún; toradh €1,822.630 milliún. Bhí an gannchaitheamh de €120.11 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle na bpríomhfhaighteoirí (i.e. faighteoirí gan tairbhíthe cosanta sealadaí a áireamh) ná mar a measadh. Bhí na faighteoirí lárnacha iarbhir (115,480) 15,630 níos lú ná mar a measadh (131,110). Shábháil sé seo €195.877 milliún agus bhí sé mar thoradh ar Bheochlár níos ísle mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre ná mar a mar a measadh.

Rinneadh é seo a fhritháireamh ag:

- €55.907 milliún dlite do raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil dóibh sna meastacháin,
- €13.937 milliún mar gheall ar insreabhadh níos airde de thairbhíthe cosanta sealadaí chuig an scéim ná mar a measadh agus
- €5.923 milliún de bharr glanéifeacht raon fachtóirí eile.

A.5 Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora

Soláthar meastacháin €642.85 milliún; toradh €679.837 milliún. Tharla an róchaitheamh de €36.987 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €26.125 milliún. Ba é an caiteachas iomlán ar na bearta aonuaire seo ná €12.402 milliún ar bhónas na Nollag, €8.176 milliún ar an gcnaphshuim do leanaí cáilithe agus €5.547 milliún ar bhónas an earraigh.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná go raibh líon níos aird príomhfhaighteoirí ná mar a measadh, mar gheall ar nádúr éileamh na scéime.

A.6 Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)

Soláthar meastacháin €11.39 milliún; toradh €12.388 milliún

Bhí an róchaitheamh de €998,000 go príomha mar gheall ar mheánluach íocaíochta níos airde ná mar a measadh. Bhí meánluach iarbhir na híocaíochta (€218.83) €12.08 níos mó ná mar a measadh (€206.75). Chosain sé seo €659,000 agus ba é ba chúis leis go príomha ná fomheastachán ar mheánluach íocaíochta 2023 ag an am a tiomsaíodh an meastachán.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná bónais an earraigh agus na Nollag a íoc, ar chostas iomlán de €428,000.

A.9 Cúnamh Feirme

Soláthar meastacháin €49.4 milliún; toradh €53.939 milliún

Tharla an róchaitheamh de €4.539 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €2.203 milliún. Ba é an caiteachas iomlán ar na bearta aonuaire seo ná €1.003 milliún ar bhónas na Nollag, €866,000 ar bhónas an earraigh agus €334,000 ar an gcnaphshuim do leanbh cáilithe.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an éagsúlacht ná líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh, mar gheall ar nádúr

éileamh na scéime. Cé go bhfuil laghdú ag teacht ar fhaighteoirí Cúnamh Feirme le bliain anuas, bhí an ráta laghdaithe beagán níos moille ná mar a measadh in 2023.

A.10 Íocaíochtaí Riachtanas Breise

Soláthar meastacháin €66.01 milliún; toradh €71.631 milliún

Tá an scéim bunaithe ar éileamh, agus bíonn tionchar ag arduithe ginearálta ar phraghsanna ar an gcostas a bhaineann le freastal ar riachtanais iarratasóirí. Athraíonn líon na bhfaighteoirí agus an meánluach íocaíochta go mór ó mhí go mí agus ó bhliain go bliain, rud a fhágann go bhfuil sé deacair meastachán cruinn a dhéanamh.

Bhí an toradh a tháinig chun cinn ag druidim le deireadh 2022 mar bhonn eolais do mheastachán 2023. Chonacthas méaduithe ar chaiteachas i roinnt catagóirí íocaíochtaí lena n-áirítear íocaíochtaí le haghaidh míreanna a theastaíonn do dhaoine atá ag glacadh le tithíocht údaráis áitiúil lena n-áirítear cóir leapa, urlárach, troscán, fearais tí agus earlaisí/airleacain cíosa. Ar an iomlán, bhí méadú €11.524 milliún ar íocaíochtaí sa chatagóir tithíochta i gcomparáid le 2022.

A.11 Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile

Soláthar meastacháin €23.626 milliún; toradh €40.012 milliún

Bhí an róchaitheamh de €16.386 milliún faoi thionchar go príomha ag caiteachas níos airde ar an Liúntas Costas Laethúil ná mar a measadh. Bhí an caiteachas iarbhair (€34.413 milliún) €14.262 milliún níos mó ná mar a measadh (€20.151 milliún), go príomha mar gheall ar líon níos airde faighteoirí ar an scéim.

Bhí meánfhaighteoirí iarbhair (11,196) 6,226 níos mó ná mar a measadh (4,970).

Ba é príomhfhachtóir eile an róchaiteachais, ná caiteachas níos airde ná mar a measadh ar an scéim um Chabhair Dhaonnúil. Is é nádúr na scéime go mbraitheann caiteachas ar imeachtaí foircneacha aimsire agus go bhféadfadh sé luainiú go suntasach gach bliain dá bharr. Bhí caiteachas iomlán de €1.905 milliún mar thoradh ar thuille i gcodanna áirithe den tír i mí Dheireadh Fómhair 2023, a bhí €1.705 milliún os cionn an mheastacháin de €200,000. Ina theannta sin, d'aontaigh an Rialtas na leibhéil teorann ioncaim don scéim a mhéadú, mar fhreagra ar na tuille sin.

A.12 Fostaíocht Phobail

Soláthar meastacháin €366.62 milliún; toradh €340.783 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €25.837 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar phárolla rannpháirtithe, mar gheall ar níos lú rannpháirtithe ná mar a measadh. Bhí meán-rannpháirtithe iarbhair (18,678) 2,162 níos ísle ná mar a measadh (20,840).

Tharla sé seo mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre agus ar an mBeochlár níos ísle ná mar a measadh. Ar an iomlán, shábháil costais phárolla rannpháirtithe níos ísle €36.996 milliún.

Ina theannta sin, bhí caiteachas iarbhair ar ábhair inchaite agus ábhair chúrsa (€12.323 milliún) €3.339 milliún níos lú ná mar a measadh (€15.722 milliún), go páirteach mar thoradh ar níos lú rannpháirtithe.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag glanéifeacht fachtóirí eile, lena n-áirítear íocaíocht bónais an earraigh agus na Nollag, agus an chnapshuim do leanbh cáilithe, nár soláthraíodh dóibh sna meastacháin, ar chomhchostas de €9.519 milliún agus glanéifeacht raon fachtóirí eile.

A.14 Tús

Soláthar meastacháin €102.63 milliún; toradh €83.402 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €19.228 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar phárolla rannpháirtithe, mar gheall ar níos lú rannpháirtithe ná mar a measadh. Bhí meán-rannpháirtithe iarbhr (4,539) 1,355 níos ísle ná mar a measadh (5,894). Tharla sé seo mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre agus ar Bheochlár níos ísle ná mar a measadh. Ar an iomlán, shábháil costais phárolla rannpháirtithe níos ísle €20.725 milliún.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag glanéifeacht fachtóirí níos lú, lena n-áirítear íocaíocht bónais an earraigh agus na Nollag, agus an chnapshuim do leanbh cáilithe, nár soláthraíodh dóibh sna meastacháin, ar chomhchostas de €2.379 milliún agus glanéifeacht raon fachtóirí eile.

A.12 Fostaíocht don Phobal

Soláthar meastacháin €366.62 milliún; toradh €340.783 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €25.837 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar phárolla rannpháirtithe, mar gheall ar níos lú rannpháirtithe ná mar a measadh. Bhí meán-rannpháirtithe iarbhr (18,678) 2,162 níos ísle ná mar a measadh (20,840). Tharla sé seo mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre agus ar an mBeochlár níos ísle ná mar a measadh. Ar an iomlán, shábháil costais phárolla rannpháirtithe níos ísle €36.996 milliún.

Ina theannta sin, bhí caiteachas iarbhr ar ábhair inchaite agus ábhair chúrsa (€12.323 milliún) €3.339 milliún níos lú ná mar a measadh (€15.722 milliún), go páirteach mar thoradh ar níos lú rannpháirtithe.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag glanéifeacht fachtóirí eile, lena n-áirítear íocaíocht bónais an earraigh agus na Nollag, agus an chnapshuim do leanbh cáilithe, nár soláthraíodh dóibh sna meastacháin, ar chomhchostas de €9.519 milliún agus glanéifeacht raon fachtóirí eile.

A.14 Tús

Soláthar meastacháin €102.63 milliún; toradh €83.402 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €19.228 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar phárolla rannpháirtithe, mar gheall ar níos lú rannpháirtithe ná mar a measadh. Bhí meán-rannpháirtithe iarbhr (4,539) 1,355 níos ísle ná mar a measadh (5,894). Tharla sé seo mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre agus ar an mBeochlár níos ísle ná mar a measadh. Ar an iomlán, shábháil costais phárolla rannpháirtithe níos ísle €20.725 milliún.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag glanéifeacht fachtóirí níos lú, lena n-áirítear íocaíocht bónais an earraigh agus na Nollag, agus an chnapshuim do leanbh cáilithe, nár soláthraíodh dóibh sna meastacháin, ar chomhchostas de €2.379 milliún agus glanéifeacht raon fachtóirí eile.

A.15 Tionscnamh Post

Soláthar meastacháin €11.54 milliún; toradh €10.692 milliún

Tharla an gannchaitheamh de €848,000 go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar phárolla na rannpháirtithe ná mar a measadh. Tá an scéim dúnta d'iaratasóirí nua ó 2004 agus tá laghdú ag teacht ar an gcaiteachas bliain ar bhliain de réir mar a fhágann na faighteoirí reatha an scéim. In 2023, tháinig laghdú ar líon na bhfaighteoirí ag ráta níos tapúla ná mar a measadh, rud a d'fhág go raibh gannchaitheamh de €1.309 milliún ar chostais phárolla na rannpháirtithe.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag íocaíocht bhónais an earraigh agus na Nollag, nár soláthraíodh dóibh sa mheastachán, ar chostas €273,000 agus €188,000 breise mar gheall ar fhachtóirí níos lú.

A.16 An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair

Soláthar meastacháin €34.78 milliún; toradh €29.797 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €4.983 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí faighteoirí iarbhir (2,480) 323 níos lú ná mar a measadh (2,803). Shábháil sé seo €4.019 milliún agus bhí sé seo mar gheall ar an margadh saothair láidir a raibh Beochlár níos ísle ná mar a measadh mar thoradh air.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an ngannchaitheamh ná meánluach íocaíochta measta. Bhí coigilteas de €2.221 milliún mar thoradh air seo agus ba é an chúis leis sin ná deacrachtaí maidir le híocaíochtaí aonuaire a scaradh ó mheánluach íocaíochta 2022 a úsáideadh chun eolas a thabhairt do mheastacháin 2023, rud a d'fhág go raibh meánluach íocaíochta measta teannta do 2023.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag roinnt beart aonuaire in 2023, ar chostas iomlán de €1.266 milliún.

A.17 Liúntas chun Fhilleadh ar an Oideachas

Soláthar meastacháin €49.08 milliún; toradh €31.018 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €18.062 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí meánfhaighteoirí iarbhir (2,272) 1,518 níos lú ná mar a measadh (3,790). Shábháil sé seo €19.663 milliún agus bhí sé seo mar gheall ar an margadh saothair láidir a raibh Beochlár níos ísle ná mar a measadh mar thoradh air.

Rinneadh an coigilteas a tháinig as an laghdú ar líon na bhfaighteoirí a fhritháireamh go páirteach ag íocaíochtaí aonuaire de €1.228 milliún, nár soláthraíodh dóibh sna meastacháin, agus €373,000 eile de bharr fachtóirí eile.

A.18 JobsPlus

Soláthar meastacháin €4.9 milliún; toradh €3.579 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €1.321 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí faighteoirí iarbhir (789) 261 níos lú ná mar a measadh (1,050). Shábháil sé seo €1.216 milliún agus bhí sé seo mar gheall ar an margadh saothair láidir a raibh Beochlár níos ísle ná mar a

measadh mar thoradh air, rud a d'fhág go raibh níos lú rannpháirtithe nua ann ná mar a measadh.

A.21 Clár Socrúcháin Taithí Oibre

Soláthar meastacháin €4.52 milliún; toradh €2.914 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €1.606 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí faighteoirí iarbhir (151) 95 níos lú ná mar a measadh (246). Bhí sé seo mar thoradh ar níos lú rolluithe nua ar an scéim ná mar a bhíothas ag súil leis, de réir mar a leanann fostóirí ag comhlíonadh a gcuid bearnaí scileanna trí fhóilúntais a líonadh in áit deiseanna socrúcháin oibre a thairiscint a éilíonn infheistíocht in oiliúint foirne agus meantóireacht. Ina theannta sin, bhí cuardaitheoirí poist in ann deiseanna oibre agus oiliúna a aimsiú trí roghanna eile. Shábháil sé sin €1.752 milliún.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach in íocaíochtaí aonuaire nach ndearnadh soláthar dóibh sa mheastachán agus raon fachtóirí níos lú.

A.22 Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta Eile

Soláthar meastacháin €7.981 milliún; toradh €5.401 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €2.58 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ar an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta ná mar a measadh. Bhí an caiteachas iarbhir (€1.087 milliún) €1.713 milliún níos lú ná mar a measadh. Tá an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta ar fáil d'fhaighteoirí an Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair. Mar gheall ar an mBeochlár níos ísle ná mar a measadh, bhí líon foriomlán níos lú faighteoirí Liúntais Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, rud a d'fhág go raibh líon níos lú faighteoirí féideartha Deontas Tacaíochta Fiontraíochta ann.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an ngannchaitheamh ná níos lú faighteoirí ná mar a measadh ar an scéim Dreasa Poist Pháirtaimseartha, mar gheall ar an mBeochlár níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a raibh coigilteas de €509,000 mar thoradh air.

A.23 Scéimeanna Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SPF) ar Conradh

Soláthar meastacháin €78.31 milliún; toradh €58.772 milliún

Síníodh conarthaí don tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtithe Intreo (SNF) agus do Sheirbhís Fostaíochta Ceantair Áitiúil (SFCÁ) Comhpháirtithe Intreo go déanach in 2022. Ina dhiaidh sin tháinig tréimhse slógtha a lean ar aghaidh go dtí 2023. Bhí an caiteachas ar Sheirbhís SNF agus SFCÁ in 2023 €19.538 milliún níos ísle ná an €78.3 milliún measta mar gheall ar rolladh amach seirbhísí níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis in 2023. Tá seirbhísí SNF agus SFCÁ araon slógtha go hiomlán anois agus ag feidhmiú ag leibhéil atreoraithe iomlána.

A.yy Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP)

Soláthar meastacháin €50,000; toradh €210,000

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá in 2020, tá riaráistí gan íoc á réiteach ag na Coimisinéirí Ioncaim le fostóirí. Bhí an soláthar do 2023 bunaithe ar an ionchas go leanfadh leibhéal na riaráistí a bhí le híoc ag laghdú, toisc go raibh an scéim dúnta le tamall anuas. Cé gur lean leibhéal na n-íocaíochtaí riaráiste ag laghdú, bhí leibhéal an laghdaithe beagán níos lú ná mar a measadh.

A.zz Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)

Soláthar meastacháin €250,000; toradh €6.053 milliún

Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta in 2022, tá riaráistí gan íoc á réiteach ag na Coimisinéirí Ioncaim le fostóirí. Nuair a tugadh meastacháin 2023 chun críche i dtreo dheireadh 2022, bhí an fhoráil bunaithe ar an ionchas go leanfadh leibhéal na n-íocaíochtaí riaráiste ag laghdú gach mí go dtí deireadh na bliana, agus isteach sa bhliain 2023. Cé gur tháinig laghdú ar leibhéal na n-íocaíochtaí riaráiste, bhí leibhéal an laghdaithe níos ísle ná mar a measadh.

A.24 Liúntas Míchumais

Soláthar meastacháin €1,996,044 milliún; toradh €2,174,825 milliún

Tharla an róchaitheamh de €178.781 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €144.367 milliún. Bhí an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire comhdhéanta de €63.227 milliún ar an deontas tacaíochta míchumais, €38.258 milliún ar bhónas na Nollag, €31.263 milliún ar bhónas an earraigh, €6.752 milliún ar an gcnapshuim don chónaí aonair, agus €4.867 milliún ar an gcnapshuim do leanbh cáilithe.

Ba é an príomhfhachtóir eile a chuir leis an athraitheas ná líon níos airde meánfhaighteoirí ná mar a measadh. Bhí meánfhaighteoirí iarbhír (159,080) 1,100 níos mó ná mar a measadh (157,980), mar gheall ar nádúr na scéime a bhí bunaithe ar éileamh, agus insreabhadh níos airde de thairbhíthe cosanta sealadaí ná mar a measadh. Chosain sé sin €13.887 milliún.

A.26 Liúntas Cúramóra

Soláthar meastacháin €1,028.47 milliún; toradh €1,082.45 milliún

Tharla an róchaitheamh de €53.98 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €38.18 milliún. Bhí an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire comhdhéanta de €19.75 milliún ar bhónas na Nollag, €12.561 milliún ar bhónas an earraigh, agus €5.869 milliún ar an gcnapshuim do leanbh cáilithe.

A.27 Liúntas Cúraim Bhaile

Soláthar meastacháin €246.596 milliún; toradh €259.243 milliún

Tharla an róchaitheamh de €12.647 milliún go príomha mar gheall ar raon íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin, ar chostas iomlán de €15.09 milliún. Ba é an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire ná €9.863 milliún ar bhónas an earraigh agus €5.227 milliún ar bhónas na Nollag.

Rinneadh an caiteachas breise seo a fhritháireamh le coigilteas de €2.443 milliún, go príomha mar gheall ar ghlanéifeacht líon níos airde faighteoirí agus meánluach íocaíochta níos ísle ná mar a measadh.

A.28 Deontas Tacaíochta Cúramóra

Soláthar meastacháin €268.563 milliún; toradh €331.961 milliún

Tharla an róchaitheamh de €63.398 milliún go príomha mar gheall ar íocaíocht an deontais tacaíochta míchumais le faighteoirí na scéime i mí na Samhna 2023, nach ndearnadh foráil dó sna meastacháin, ar chostas iomlán de €51.92 milliún.

Ba é an príomhfachtóir eile a chuir leis an róchaitheamh ná líon níos airde faighteoirí ná mar a measadh, mar gheall ar nádúr éileamh na scéime. Ní gá go mbeadh teidlíocht bhunúsach ag daoine a fhaigheann an Deontas Tacaíochta Cúramóra ar Liúntas Cúramóra nó ar Shochar Cúramóra, rud a fhágann go bhfuil sé deacair líon na bhfaighteoirí a mheas go cruinn.

A.29 Scéim Fóirdheontas Pá

Soláthar meastacháin €24 milliún; toradh €22.096 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €1.904 milliún go príomha mar gheall ar mheánlíon níos ísle fostóirí a bhí ag fáil an fhóirdheontais. Bhí meánlíon iarbhir na bhfostóirí a fuair an fóirdheontas (1,548) 138 níos lú ná mar a measadh (1,686). Shábháil sé sin €1.966 milliún. Bhíothas ag súil go bhféadfadh méadú a bheith tagtha ar an scéim in 2023, tar éis deireadh a chur le Bearta Éigeandála Sláinte Poiblí Covid-19 in 2022, lena n-áirítear an íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta. Níor tháinig sé seo i gcrích agus bhí gannchaitheamh mar thoradh air.

Rinneadh é seo a fhritháireamh go páirteach ag meánluach íocaíochta beagán níos airde ná mar a measadh.

A.30 Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais

Soláthar meastacháin €12.79 milliún; toradh €10.046 milliún

Chuimsigh an Caiteachas Foriomlán ar an bhfotheideal seo na nithe seo a leanas:

- €8.646 milliún ar an tSeirbhís Infhostaitheachta
- €803,000 ar an Scéim Inoibritheachta
- €483,000 ar Thacaíocht do Chéimithe faoi Mhíchumas
- €89,000 ar an Deontas Cóiríochta Réasúnta
- €25,000 ar an Scéim Tacaíochta Feasachta Míchumais

Cuimsíonn an gannchaitheamh de €2.744 milliún:

- (i) Gannchaitheamh de €2.101 milliún ar an tSeirbhís EmployAbility, mar gheall ar chostais iarbhir a chuir conraitheoirí na Seirbhíse EmployAbility isteach a bheith níos lú ná mar a measadh.
- (ii) Gannchaitheamh comhcheangailte de €1.446 milliún ar an Deontas um Fhreastal Réasúnta (DFR) agus ar an Scéim Tacaíochta um Fheasacht ar Mhíchumas (STFM). Faoin Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta, rinneadh athbhreithniú ar an dá scéim. De bhun mholtaí an athbhreithnithe, leithdháileadh maoiniú breise de €1 mhilliún ar fud an dá scéim, mar chuid de Bhuiséad 2023. Moladh san athbhreithniú an dá scéim a chomhcheangal in aon scéim amháin. Bhí athrú suntasach ag teastáil ón moladh seo maidir le conas a chuirtear an scéim i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil. Mar thoradh ar an am a bhí ag teastáil chun na hathruithe seo a chur i bhfeidhm níor tabhaíodh caiteachas méadaithe mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh gannchaitheamh ann.

A rinneadh a fhritháireamh ag:

- (iii) Caiteachas €803,000 milliún ar an scéim Workability, nach ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Is scéim nua í Workability chun tacú le fostú daoine faoi mhíchumas. Thug an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta ceadú do chaiteachas níos lú ná €1 milliún in 2023 chun an scéim a bhunú, a bhí le maoiniú ó acmhainní reatha laistigh den fhotheideal Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais.

A.31 Sochar Linbh

Soláthar meastacháin €2,137.61 milliún; toradh €2,428.495 milliún

Tharla an róchaitheamh de €290.885 milliún go príomha mar gheall ar íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil dóibh sna meastacháin, ar chostas iomlán de €300.8 milliún. B'ionann an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire agus €178.8 milliún ar an íocaíocht dhúbailte i mí na Nollag 2023 agus €122 milliún ar an íocaíocht bhónais €100 (in aghaidh an linbh) a rinneadh i mí an Mheithimh 2023.

Rinneadh an caiteachas breise seo a fhritháireamh le coigilteas de €9.915 milliún, go príomha mar gheall ar ghlanéifeacht líon níos airde faighteoirí agus meánluach íocaíochta níos ísle ná mar a measadh.

A.32 Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht

Soláthar meastacháin €363.204 milliún; toradh €392.061 milliún

Tharla an róchaitheamh de €28.857 milliún go príomha mar gheall ar íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil dóibh sna meastacháin, ar chostas iomlán de €27.635 milliún. Bhí an caiteachas iomlán ar bhearta aonuaire comhdhéanta de €18.4 milliún ar an íocaíocht bhónais €400 agus €9.235 milliún ar bhónas an earraigh.

A.33 An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair

Soláthar meastacháin €11.88 milliún; toradh €10.139 milliún

Bhí an gannchaitheamh de €1.741 milliún go príomha mar gheall ar líon níos lú faighteoirí ná mar a measadh, mar gheall ar Bheochlár níos ísle ná mar a measadh a raibh níos lú éileamh nua ar an scéim mar thoradh air. Bhí meánfhaighteoirí iarbhir (2,517) 338 níos lú ná mar a measadh (2,855). Shábháil sé sin €1.416 milliún.

Ba iad na príomhfhaighteoirí eile a chuir leis an tearc-caiteachas ná meánluach íocaíochta níos ísle ná mar a measadh, arna fhritháireamh ag íocaíochtaí aonuaire a rinneadh le linn 2023, nach ndearnadh foráil ina leith sna meastacháin.

A.34 Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua

Soláthar meastacháin €62.9 milliún; toradh €86.036 milliún

Ba é an chúis leis an róchaitheamh de €23.136 milliún go príomha ná íocaíocht bhónais de €100 breise in aghaidh an linbh le faighteoirí na scéime in 2023, rud nach ndearnadh foráil dó sna meastacháin, ar chostas €28 milliún.

Rinneadh an caiteachas breise seo a fhritháireamh go páirteach ag coigilteas de €4.864 milliún mar gheall ar níos lú faighteoirí agus meánluach íocaíochta níos ísle ná mar a measadh.

A.35 Béilí Scoile

Soláthar meastacháin €94.4 milliún; toradh €108.715 milliún

Tharla an róchaiteachas de €14.315 milliún go príomha mar gheall ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm in 2023 chun clúdach a leathnú agus maoiniú a fheabhsú:

- (i) I mí Feabhra 2023, leathnaíodh Béilí Scoile Te chuig na scoileanna DEIS & scoileanna Speisialta go léir a bhí fágtha ó Mheán Fómhair.
- (ii) I mí an Mhárta 2023, tháinig méadú ar rátaí íocaíochta béilí scoile. Rinneadh an beart seo a shiardhátú go dtí Eanáir.

A.36 Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí

Soláthar meastacháin €8.8 milliún; toradh €9.583 milliún

Bhí an róchaiteachas de €783,000 go príomha mar gheall ar chaiteachas níos airde ná mar a measadh ar íocaíocht Chaomhnóra (Neamhrannaíocach). Bhí an caiteachas iarbhir ar íocaíocht Caomhnóra (Neamhranníocach) (€9.035 milliún) €774,000 níos airde ná mar a measadh (€8.32 milliún). Bhí sé seo go príomha mar gheall ar mheánluach íocaíochta níos airde ná mar a measadh. Bíonn tionchar ag acmhainn an fhaighteora agus ag líon na leanaí a dtugtar aire dóibh ar an meánluach íocaíochta. Mar gheall ar líon réasúnta

beag na bhfaighteoirí ar an scéim, is féidir le hathruithe beaga ar phróifíl na bhfaighteoirí tionchar measartha mór a bheith acu ar an meánluach íocaíochta iomlán, rud a fhágann go bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh le cruinneas iomlán.

A.39 Pacáiste Sochair Teaghlaigh

Soláthar meastacháin €87.049 milliún; toradh €92.941 milliún

Déantar caiteachas ar an bPacáiste Sochair Teaghlaigh a chionroinnt idir Vóta 37 agus an Ciste Árachais Shóisialaigh, ag brath ar phríomhscéim faighteoirí an Phacáiste Sochar Teaghlaigh.

In 2023, d'fhorbair an Roinn tuarascáil nua chun príomhscéim faighteoirí Pacáiste Sochar Teaghlaigh a shainaitheint ar bhealach níos cruinne. Bunaithe ar thorthaí na tuarascála seo amhail Meán Fómhair 2023, cuireadh cionroinnt nuashonraithe idir Vóta 37 agus an Ciste Árachais Shóisialaigh i bhfeidhm ar chaiteachas an Phacáiste Sochair Teaghlaigh ó Dheireadh Fómhair 2023 ar aghaidh.

Bhí róchaiteachas de €5.892 milliún ar an gcuid de Vóta 37 den scéim mar thoradh ar úsáid na tuarascála seo mar fhaisnéis do thoradh 2023, toisc go raibh an chionroinnt a úsáideadh chun an meastachán a chur in iúl difriúil leis an gcionroinnt a úsáideadh i ndeireadh na dála mar fhaisnéis do thoradh 2023.

A.41 Liúntas Breosla

Soláthar meastacháin €249.666 milliún; toradh €286.435 milliún

Bhí an róchaiteachas de €36.769 milliún go príomha mar gheall ar íocaíocht chnapshuime de €300 sa bhreis le faighteoirí na scéime i mí na Samhna 2023, nár soláthraíodh dó sna meastacháin, ar chostas €70.276 milliún.

Rinneadh an caiteachas breise seo a fhritháireamh go páirteach faoi €33.508 milliún mar gheall ar mheánlíon níos ísle faighteoirí ná mar a measadh. Bhí sé seo mar thoradh ar líon na ndaoine atá 70 bliain d'aois agus níos sine nach bhfuil ag fáil scéim cháilitheach a ghlacadh níos lú ná mar a measadh ar shíneadh na scéime, le hacmhainn sheachtainiúil níos lú ná €500 do dhuine singil agus €1,000 do lánúin a tugadh isteach i mí Eanáir 2023, tar éis athrú suntasach ar rialacha incháilitheachta na scéime a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2023.

A.43 Seirbhísí ilghnéitheacha

Soláthar meastacháin €16.071 milliún; toradh €13.931 milliún

Tharla an gannchaitheamh de €2.14 milliún go príomha mar gheall ar níos lú caiteachais ná mar a measadh ar Bhearta chun Tacú le Fostú Daoine faoi Mhíchumas (arna mhaoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoín). Bhí an caiteachas iarbhír (€2.71 milliún) €2.29 milliún níos lú ná mar a measadh (€5 milliún).

Bhí bearta chun tacú le Fostú Daoine faoi Mhíchumas, atá á mbainistiú ag Pobal thar ceann na Roinne, i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2021 agus bhí siad le bheith críochnaithe ag deireadh mhí na Nollag 2022.

Cuireadh síneadh 12 mhí eile leis na bearta go dtí deireadh 2023. Cuireadh an síneadh i bhfeidhm chun bearna maoinithe a sheachaint idir beart tacaíochta fostaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoín do dhaoine faoi mhíchumas agus clár nua CSE+ (Inoibritheacht) a bhfuiltear ag súil leis a dhíreoidh ar dheiseanna fostaíochta a mhéadú do dhaoine faoi mhíchumas.

Bhí an méid a theastaigh ó na tionscadail níos lú ná mar a measadh ar na cúiseanna seo a leanas:

- (i) Bhain níos lú tionscadal leas as an síneadh ná mar a measadh.
- (ii) Bhí an méid a bhí ar fáil do gach tionscadal bunaithe ar a leithdháileadh bunaidh arna choigeartú go tréimhse 12 mhí (Eanáir go deireadh Nollaig 2023).
- (iii) Ní fhéadfadh tionscadail leas a bhaint as aon mhaoiniú breise go dtí go raibh an leithdháileadh roimhe sin caite acu.

Rinneadh an caiteachas seo a fhritháireamh go páirteach ag glanéifeacht raon tearc agus róchaitheamh ar scéimeanna agus seirbhísí eile atá san áireamh san fhotheideal seo.

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
Aistriú an Chiste Árachais Shóisialaigh go Vóta 37				
1	Aisghabháil costas tabhaithe ar Vóta 37 a riarann scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	173,000		
	<i>Forlíontach</i>	12,600		
			185,600	176,766
				164,185
Leithreasaí i gcabhair: Eile				
2	Aisghabháil Ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	46,500		
	<i>Forlíontach</i>	4,931		
			51,431	53,449
				46,924
3	Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	3,400		
	<i>Forlíontach</i>	1,932		
			5,332	2,836
				4,944
4	Fáltais faoi fhorálacha 'Dliteanas Teaghlaigh a Chothabháil' i gCuid XII den Acht um Dhliteanas Oibriúcháin 2005			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	400		
	<i>Forlíontach</i>	(94)		
			306	294
				404
5	Fáltais Ard-Chláraitheora bailithe ag an Roinn			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	600		
	<i>Forlíontach</i>	32		
			632	611
				599

		2023		2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Réadaithe
		€000	€000	€000
6	Fáltais ó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	7,470		
	<i>Forlíontach</i>	560		
			8,030	8,219
				7,826
7	Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa		-	-
8	Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	7,090		
	<i>Forlíontach</i>	854		
			7,944	7,492
				6,854
9	Fáltais ón Údarás Pinsean – Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Foirne			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	670		
	<i>Forlíontach</i>	(7)		
			663	750
				677
10	Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine		5,000	2,710
				3,980
11	Aisghabháil Cúnaimh ó Dhámhachtainí Cúitimh Árachais			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	3,300		
	<i>Forlíontach</i>	1,055		
			4,355	4,262
				3,117
12	Fáltais ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+))			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	5,700		
	<i>Forlíontach</i>	(3,718)		
			1,982	1,982
				3,307
13	Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFPS/TWSS)			
	<i>Leagan Bunaidh</i>	2,500		
	<i>Forlíontach</i>	4,801		
			7,301	9,560
				30,216

				2023	2022
		Suim Soláthraithe sa Mheastachán		Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000	€000
14	Aisghabháil ró-íocaíochtaí don Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF)				
	<i>Leagan Bunaidh</i>	1,000			
	<i>Forlíontach</i>	18,099			
			19,099	30,665	67,792
15	Ilghnéitheach				
	<i>Leagan Bunaidh</i>	700			
	<i>Forlíontach</i>	8,659			
			9,359	12,199	11,905
	Iomlán		307,034	311,795	352,730

Éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasáí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000).

2 Aisghabháil Ró-íocaíochtaí ar scéimeanna Vóta 37 a ardaíodh sna blianta roimhe seo

Soláthar meastacháin €46.5 milliún; iomlán faighte €53.449 milliún

Baineann fáltais faoin bhfotheideal seo le haisghabháil ró-íocaíochta ar scéimeanna agus seirbhísí Vóta 37 agus áirítear leo 2 eilimint:

- (i) Aisghabháil airgid.
- (ii) Déileáiltear le hasbhaintí aisghabhála ró-íocaíochta mar ioncam nuair a dhéantar an aisghabháil tar éis dheireadh na bliana inar tharla an ró-íocaíocht.

Féadfaidh fáltais a bheith éagsúil ó bhliain go bliain ach bhí siad ar threocht iomlán anuas le roinnt blianta anuas agus cuireadh é seo san áireamh sa mheastachán don bhliain 2023. Níor tháinig an laghdú seo ar fháltais i gcrích, áfach, agus go deimhin shroich fáltais an leibhéal ab airde ó 2019 i leith. Mar thoradh air sin, bhí fáltais €6.949 milliún níos airde ná mar a measadh.

3 Aisiocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh a rinneadh ar dtús faoi Vóta 37 sna blianta roimhe seo

Soláthar meastacháin €3.4 milliún; iomlán faighte €2.836 milliún

Úsáidtear an fothéideal seo chun aisghabháil cúnaimh shóisialaigh ón gCiste Árachais Shóisialaigh a thaifeadadh i gcás ina ndéantar difear do choigeartú idir-scéime tar éis dheireadh na bliana airgeadais. Mar shampla, cuimsíonn sé custaiméirí a íoctar Liúntas Leasa Forlíontach leo (arna mhaoiniú ó Vóta 37) agus iad ag fanacht ar chinneadh ar éileamh ar Shochar Breoiteachta, ar Phinsean Easláine nó ar Phinsean Stáit Ranníocach. Nuair a dhéantar cinneadh ar éileamh an chustaiméara i mbliain dhifriúil a raibh Liúntas Leasa Forlíontach á fháil aige nó aici, déantar méid an éilimh sin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh agus a thaifeadadh faoin bhfothéideal seo.

Is féidir le fáltais athrú go suntasach i dtéarmaí céatadán ó mhí go mí agus bliain go bliain.

Bhí fáltais in 2023 €564,000 ní b'ísle ná mar a measadh, mar gheall ar nádúr dothuartha na bhfáltas faoin bhfothéideal seo a d'fhág go raibh sé deacair meastachán cruinn a dhéanamh.

4 Fáltais faoi fhorálacha 'Dlíteanas Teaghlaigh a Chothabháil' i gCuid XII den Acht um Dhlíteanas Oibriúcháin 2005

Soláthar meastacháin €400,000; iomlán faighte €294,000

Tar éis fhoilsiú Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Cothabhála Leanáí an 16 Samhain 2022, cuireadh measúnachtaí nua dlíteanais faoi Chuid 12 ACLS 2005 ar sos. Lean an Roinn ar aghaidh ag glacadh le híocaíochtaí maidir le measúnuithe dlíteanais a críochnaíodh roimh an 16 Samhain 2022, ar feadh 2023. Glacadh an cinneadh measúnuithe nua a chur ar sos tar éis meastachán 2023 a thabhairt chun críche, rud a d'fhág go raibh níos lú fáltais ann ná mar a measadh.

6 Fáltais ó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise

Meastachán €7.47 mhilliún; iomlán faighte €8.219 milliún

Bhí fáltais iarbhir €749,000 níos airde ná mar a measadh mar gheall ar arduithe pá dá bhforáiltear faoin gcomhaontú pá Building Momentum.

Bhí meastachán 2023 bunaithe ar an toradh a bhí ag teacht chun cinn i dtreo dheireadh 2022 agus níor chuir sé na harduithe pá seo san áireamh.

8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna

Soláthar meastacháin €7.09 milliún; iomlán faighte €7.492 milliún

Bhí na fáltais iarbhír €402,000 níos airde ná mar a measadh, go príomha mar gheall ar fháltais níos airde ná mar a measadh i ndáil leis an Deontas Tacaíochta Oiliúna (DTO). Bhí na fáltais iarbhír maidir leis an DTO (€2.634 milliún) €1.134 milliún níos airde ná mar a measadh (€1.5 milliún).

Tharla sé seo go príomha mar gheall ar earráid sa mheastachán foilsithe. Ba é an caiteachas measta do DTO in 2023 ná €2.5 milliún, agus níor cuireadh ach €1.5 milliún d'fháltais i leith na scéime san áireamh sa mheastachán foilsithe d'fháltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (CNO). Toisc go bhfuil an scéim seo maoinithe go hiomlán ó CNO, ba cheart go léireofaí an meastachán caiteachais iomlán de €2.5 milliún sa mheastachán ar fháltais leithreasaithe-i-gcabhair ón CNO. Bhí fáltais bhreise de €1 milliún mar thoradh ar an earráid seo i gcomparáid leis an meastachán. Ina theannta sin, bhí leibhéal gníomhaíochta beagán níos airde ná mar a measadh ar an scéim in 2023, rud a d'fhág go raibh fáltais bhreise de €134,000 ann.

Rinneadh é seo a fhritháireamh le €732,000 mar gheall ar fháltais níos ísle ná mar a measadh i leith an Chláir Taithí Oibre agus Scéim Fostaíochta Pobail, mar thoradh ar chaiteachas níos ísle ar na scéimeanna sin ná mar a measadh mar gheall ar mhargadh saothair níos láidre agus Beochlár níos ísle ná mar a measadh in 2023.

10 Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine

Soláthar meastacháin €5 mhilliún; iomlán faighte €2.71 milliún

Úsáidtear fáltais faoin bhfotheideal seo chun bearta a mhaoiniú chun tacú le Fostú Daoine faoi Mhíchumas, atá mar chuid den fhotheideal Seirbhísí Ilghnéitheacha. Mar sin, tá fáltais ag brath ar chaiteachas ar na bearta sin.

Mar thoradh ar an gcaiteachas níos ísle ná mar a measadh ar na bearta bhí fáltais níos ísle ó Chiste na gCuntas Díomhaoine ná mar a measadh.

- 11 Aisghabháil Cúnaimh ó Dhámhachtainí Cúitimh Árachais**
Soláthar meastacháin €3.3 milliún; iomlán faighte €4.262 milliún
Aisghabhann an scéim Aisghabhála Sochar agus Cúnaimh luach focaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe a bhaineann le breoiteacht ó dhámhachtainí cúitimh a dhéantar do dhuine mar thoradh ar éileamh díobhála pearsanta. Mar sin, tá an Roinn ag brath ar réiteach éileamh díobhála pearsanta chun na sochair ábhartha a ghnóthú. Braitheann tráthúlacht réitigh na n-éileamh seo ar na páirtithe a bhfuil baint acu leis an éileamh díobhála pearsanta, ar an mBord um Réiteach Díobhálacha Pearsanta agus/nó ar na cúirteanna agus mar sin is deacair é a thuair. Dá réir sin, is féidir leis an méid a bheith éagsúil ó bhliain go bliain a léirítear sa mhéid go raibh na fáлтаis iarbhir €962,000 níos airde ná mar a measadh.
- 12 Fáлтаis ó Chúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+)**
Soláthar meastacháin €5.7 milliún; iomlán faighte €1.982 milliún
Bhí fáлтаis €3.718 milliún níos lú ná mar a measadh toisc nach raibh an Roinn in ann éilimh a chur isteach mar a bhíodhas ag súil leis in 2023 ar feitheamh forbairt córas nua TF ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde agus Eolaíochta, arb í an Roinn í atá freagrach as éilimh a dhéanamh ón gciste. Leanann an clár um Chúnamh Bia agus Ábhar de chlár an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) in Éirinn a tháinig chun críche in 2022.
- 13 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFPS/TWSS)**
Soláthar meastacháin €2.5 milliún; iomlán faighte €9.56 milliún
Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá in 2020, tá na Coimisinéirí Ioncaim ag aisghabháil ró-íocaíochtaí gan íoc ó fhostóirí. Bhí an soláthar bunaithe ar an ionchas go leanfadh leibhéal aisghabhála na ró-íocaíochtaí de bheith ag laghdú, toisc go raibh an scéim dúnta le tamall anuas. Cé gur lean leibhéal aisghabhála ró-íocaíochtaí ag laghdú, bhí leibhéal an laghdaithe níos ísle ná mar a measadh.
- 14 Aisghabháil ró-íocaíochtaí ón Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta (SFPF)**
Soláthar meastacháin €1 milliún; iomlán faighte €30.665 milliún
Ó dúnadh an Scéim Fóirdheontas Pá Fostaíochta in 2022, tá riaráistí gan íoc á réiteach ag na Coimisinéirí Ioncaim le fostóirí. Bhí an fhoráil bunaithe ar an ionchas go leanfadh leibhéal aisghabhála ró-íocaíochtaí de bheith ag laghdú, ag cur san áireamh gur dúnadh an scéim. Cé gur lean leibhéal aisghabhála ró-íocaíochtaí ag laghdú, bhí leibhéal an laghdaithe níos ísle ná mar a measadh.

15 Ilghnéitheach

Soláthar meastacháin €700,000; iomlán faighte €12.199 milliún

Úsáidtear an fothéideal seo chun fáltais a thaifeadadh nach raibh beartaithe nuair a tugadh na meastacháin chun críche agus fáltais bheaga freisin ar nós seiceanna cealaithe a thabhairt ar ais.

Bhí fáltais €11.499 milliún níos mó ná mar a measadh, go príomha mar gheall ar:

- (i) €4.807 milliún in aisíocaíochtaí ó sholáthraithe JobPath i leith táillí a íocadh i mblianta roimhe seo, chun cuntas a thabhairt ar chur i bhfeidhm lascaine bunaithe ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair. Ríomhtar lascainí bunaithe ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair sa bhliain roimhe sin.
- (ii) Aisíocadh €2.764 milliún ó chuideachtaí an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS) agus na Seirbhíse Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) i leith 2022. Chuimsigh sé seo forchúiteamh de bharrachas €2.302 milliún i leith cuideachtaí maoinithe ag an BFS agus ag an BFS, agus 462,000 i leith an Chiste Ráthaíochta lasachta, a fuarthas ar ais ó chuideachtaí SBCA.
- (iii) €2.028 milliún in aisíocaíochtaí ó sholáthraithe Seirbhíse Fostaíochta Ceantair Áitiúil Chomhpháirtithe Intreo ar airleacain a rinneadh ag tús na gconarthaí roimh 2023. Déantar é seo a fhorchúiteamh i gcoinne sonrasc reatha bunaithe ar phlean íocaíochta comhaontaithe.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2023	2022
	€000	€000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	-	1
Airgead coinsiasa	8	11
Costais finnétithe	2	—
Aistrithe chuig an Státchiste	(10)	(12)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	-	-

4.3 Ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a ghnóthú

Tá an Láraonad Fiachais (LAF) freagrach as ró-íocaíochtaí custaiméirí aonair taifeadta agus aisghabháil fiachais a bhainistiú. ^a

Seo a leanas an seasamh achomair ar ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa taifeadta agus fiachas arna bhainistiú ag CDU amhail an 31 Nollaig 2023:

	2023		2022	
	Toradh		Toradh	
	€000	€000	€000	€000
Ró-íocaíochtaí amuigh ar 1 Eanáir 2023		382,908		379,174
Glanmhéid na ró-íocaíochtaí a taifeadadh				
Calaois amhrasta	14,530		14,403	
Earráid custaiméara	44,015		36,775	
Earráid oifigiúil	1,167		983	
Cásanna eastáit	22,643		16,149	
		82,355		68,310
		465,263		447,484
Lúide:				
Fiachas aisghafa ^b	(59,412)		(51,799)	
Coigeartú aisghabhála ^c	321		233	
		(59,091)		(51,566)
Fiachais na bliana roimhe sin curtha ar ceal ^d		(4,366)		(5,373)
Fiachas a díscríobhadh mar do-aisghabhála ^e		(4,273)		(7,637)
Ró-íocaíochtaí amuigh ar an 31 Nollaig 2023		397,533		382,908

- Nóta
- ^a Is é an limistéar scéime faoi seach a riarann bainistíocht ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a eascraíonn as comhaontuithe caidrimh chonartha níos leibhéal seirbhíse le heintitis chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna ar nós Fostaíocht Phobail agus ní luaitear anseo iad. B'ionann aisghabhálacha iomlána 2023 do na scéimeanna seo agus €242,000 (2022: €394,000).
In 2023, riar na Coimisinéirí Ioncaim aisghabhálacha fiachais don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus don Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) nach dtuairiscítear anseo. Déantar aisghabhálacha €101,000 le haghaidh ró-íocaíochtaí 2023 a ghlanluacháil as caiteachas scéime SFSP 2023 agus SFPF (2022: €3.8 milliún). Áirítear aisghabhálacha €40.2 milliún do ró-íocaíochtaí blianta roimhe sin i Leithreasáí i gcabhair, Nóta 4.1 (2022 €98 milliún).
 - ^b Déantar anailís ar mhéid an fhiachais a aisghabhadh in 2023 mar seo a leanas:
(a) €53.8 milliún breactha chuig ioncam i leith fhiachas na bliana roimhe sin
(b) €5.6 milliún breactha in aghaidh caiteachais i leith fhiachas na bliana reatha.
 - ^c Baineann an coigeartú le haisghabhálacha taifeadta i mblianta roimhe sin a cuireadh ar ceal i rith na bliana.
 - ^d Baineann fiachais na bliana roimhe a cuireadh ar ceal le ró-íocaíochtaí a ardaíodh sna blianta roimhe sin a cuireadh ar ceal in 2023. Tuairiscítear aon ró-íocaíocht nua ina dhiaidh sin a ardaítear mar thoradh ar achomharc nó ar chinneadh athbhreithnithe faoi Glan-ró-íocaíochtaí taifeadta.
 - ^e Díscríobhadh fiachais arbh fhiú €4.3 milliún iad le linn 2023. Ba ionann €3.5 milliún agus díscríobhanna a rinneadh faoi bheartas bliantúil na Roinne ina ndéantar athbhreithniú ar fhiacha reatha i dtéarmaí cibé an bhfuil sé eacnamaíoch dul sa tóir orthu nó an bhfuil siad do-aisghabhála. Rinneadh an chuid eile de na díscríobhanna sa ghnáthchúrsa gnó. Áirítear le figiúr díscríofa fiachais 2023 152 custaiméir a raibh fiachais aonair níos mó ná €10,000 díscríofa acu ar luach iomlán €4.9 milliún (Vóta: €3.6 milliún; CÁS: €1.3 milliún).

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhFostaithe

Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana	2023	2022
Roinn	6,801	6,628
Gníomhaireachtaí ^a	159	159
	6,960	6,787

Nóta ^a An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

5.2 Pá

	2023 €000	2022 €000
Pá	336,138	323,198
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	1,524	1,011
Liúntais eile	1,807	1,670
Ragobair	4,494	6,130
ÁSPC an Fhostóra	27,239	25,041
Pá iomlán	371,202	357,050

Luach saothair fhoireann na Roinne

	2023 €000	2022 €000
Pá	325,749	313,032
Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	1,524	895
Liúntais eile	1,683	1,670
Ragobair	4,494	6,130
ÁSPC an Fhostóra	26,178	24,005
Pá iomlán ^a	359,628	345,732

Nóta ^a Dáiltear an figiúr pá iomlán trasna gnéithe pá d'fho-mhírchinn riaracháin A.i, A.viii agus A.ix.

Luach saothair na Gníomhaireachta

	2023	2022
	€000	€000
Pá	10,389	10,166
Liúntas ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgais bhreise	124	116
ÁSPC an Fhostóra	1,061	1,036
Pá iomlán	11,574	11,318

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre ^a

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is airde	
			2023	2022
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	478	41	49,082	22,755
Ragobair	1,887	67	27,893	44,559
Liúntais sealoibre agus uainchláir	27	21	15,999	13,546
Ilghnéitheach	373	13	35,580	88,200
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	338	95	33,623	40,831
Foireann na Gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	19	6	16,426	18,658

Nóta ^a Baineann na liúntais, ragobair agus sonraí luach saothair eile sa nóta seo le fostaithe na Roinne agus fostaithe na ngníomhaireachtaí a shonraítear i nóta 5.1 thuas

5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a bhfuil a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó €60,000 aníos mar seo a leanas.

Banda pá		Líon na bhfostaithe	
Ó (€)	Go (€)	2023	2022
20,000	59,999	5,430	5,303
60,000	69,999	759	743
70,000	79,999	199	186
80,000	89,999	158	130
90,000	99,999	55	63
100,000	109,999	38	44
110,000	119,999	23	15
120,000	129,999	8	3
130,000	139,999	—	1
140,000	149,999	—	1
150,000	159,999	1	1
160,000	169,999	4	4
170,000	179,999	4	3
180,000	189,999	1	1
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	—
210,000	219,000	—	1
220,000	229,999	1	—

5.5 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

B'ionann costas na foirne a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2023 agus €721,481 i leith 12 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais seo a fhorchúiteamh ó eagraíochtaí eile.

5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

ar an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteo irí	2023 €000	2022 €000
Ró-íocaíochtaí	603	1,720	1,571
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	289	1,028	834

D'aistrigh 46 duine le pleananna téarnaimh de luach €54,604 go 19 roinn eile i rith na bliana.

5.7 Scaoilíocaíocht/iomarcaíocht

I rith 2023, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta de €10,290 san iomlán le triúr ball foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí scoir.

5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

	2023 €000	2022 €000
Bunphá	<u>227</u>	<u>213</u>

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina b(h)all den Scéim Aoisliúntais réamh-1995 do Státseirbhísigh Bunaithe, agus níor sháraigh na sochair scoir a tuilleadh téarmaí caighdeánacha na scéime sin.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

			2023 €000	2022 €000
Buan/Neamhiata				
Comhairle			17	17
Chomhairleach an Mhargaidh Saothair				
An Coiste			3	4
Iniúcháireachta agus Riosca				
			<u>20</u>	<u>21</u>
Coimisiún cuspóra seasta	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh 2023 €000	2023 €000	2022 €000
An Grúpa Athbhreithnithe um Chothabháil Leanaí	2021	124	—	111
			<u>—</u>	<u>111</u>

6.2 Íocaíochtaí Ex-Gratia

Íocadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €3.17 milliún iad (€3.44 milliún in 2022) le daoine a tháinig slán as neachtlanna Mhaigdiléana agus institiúidí eile in 2023.

Íocadh €1.4 milliún (€5.1 milliún in 2022) ex-gratia le maoirseoirí Fostaíochta Pobail (FP) i leith 117 maoirseoir iar-FP agus maoirseoir cúnta FP in 2023.

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag					Iomlán	Iomlán
	fostaithe	daoine den phobal				2023	2022
	Díobhálacha pearsanta ^a	Sárú ar pholasaithe AD/ polasaithe fostaíochta	Díobhálacha pearsanta ^b	Scéimeanna na Roinne	Eile ^c		
Líon na gcásanna	11	-	6	5	12	34	32
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	5	—	15	—	—	20	239
Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne							
Cúiteamh	120	—	6	51	—	177	277
Costais dlí	13	—	—	5	272	290	862
Costais eile	5	—	1	-	7	13	16
Iomlán 2023	143	—	—	56	279	500	1,394
Iomlán 2022	706	10	16	96	566	1,394	

- Nóta ^a Cásanna iomlána 11. Na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir €10 agus €80,000.
- ^b Cásanna iomlána 6. Na suimeanna a íocadh i leith daoine aonair idir €202 agus €19,014.
- ^c Cásanna iomlána 12. Bhí costais iomlána aonair idir €818 agus €77,981. Baineann 9 gcás le costais dlí le páirtithe eile. Baineann na costais eile le seirbhísí a chuirtear ar fáil don Roinn.

Costais charnacha na gcásanna a tugadh chun críche in 2023

	Éilimh ag					Iomlán
	fostaithe		daoine den phobal			
	Díobhálacha pearsanta	Sárú ar pholasaithe AD/ polasaithe fostaíochta	Díobhálacha pearsanta	Scéimeanna na Roinne	Eile	
Líon na gcásanna	6	-	3	5	12	26
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	22	—	21	—	—	43
Íocaíochtaí ag/thar ceann na Roinne						
Cúiteamh	196	—	33	51	—	280
Costais dlí	58	—	12	5	272	347
Costais eile	4	—	2	—	7	13
Iomlán 2023	280	—	68	56	279	683

6.4 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a thaispeántar i bhfotheidil A.1 go A.43 focaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE. Déantar meastacháin agus fáltais iarbhir a thaifeadh i nóta 4.1, fotheidil 7, 12 agus 15.

Cur síos fotheidil:	2023		2022
	Meastach	Toradh	Réadaithe
	án		
	€000	€000	€000
Cúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+)	5,700	1,982	3,307
Clár Fostaíochta agus Nuálaíochta Sóisialta (EaSI)	—	327	—
Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair (LFFO)	2,817	2,817	3,014
JobsPlus	280	280	350

Cúnamh Bia agus Ábhar (páirtmhaoinithe ó CSE+)

Is é FCSO clár CSE+ na hÉireann don tréimhse 2021 go 2027. D'fhaomh an Coimisiún Eorpach go foirmiúil é i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus d'fhaomh Rialtas na hÉireann é i mí na Samhna 2022. Is éard atá i gceist leis an gClár ná infheistíocht iomlán de níos mó ná €1.08 billiún; €508 milliún ón Aontas Eorpach agus €573 milliún ó Rialtas na hÉireann. Tá dhá ráta cómhaoinithe éagsúla ag an gclár. Mar réigiúin 'níos forbartha', gheobhaidh réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus Lár Tíre 40% i gcómhaoiniú an AE, agus mar réigiún 'aistrithe' gheobhaidh réigiún an Iarthuaiscirt 60% i gcómhaoiniú AE. Tá sciar na Roinne laistigh den leithdháileadh náisiúnta €508 milliún thart ar €60 milliún, agus tá €5 milliún, €10 milliún agus €15 milliún á leithdháileadh faoi seach ar JobsPlus, LFFO agus ar na scéimeanna nua Míchumais (ag tosú in 2024). Baineann an leithdháileadh comhardaithe €30m leis an gclár Cúnamh Bia agus Ábhar (FEAD go foirmiúil) thar an tréimhse 2021 go 2027.

An clár um Fhostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta

Is ionstraim maoinithe é an clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) ar leibhéal an AE chun ardleibhéal fostaíochta ardcháilíochta agus inbhuanaithe a chur chun cinn, lena ráthaítear cosaint shóisialta leormhaith fhiúntach, chun troid i gcoinne eisiámh sóisialta, bochtaineacht agus chun dálaí oibre a fheabhsú. In 2020, chuir Éire, mar phríomhpháirtí le One Family (in Éirinn), an Fhionlainn agus an Ghréig togra tionscadail isteach a bhí dírithe ar thuismitheoirí aonair faoi ghairm maoinithe dar teideal: 'Idirghabhálacha comhtháite a bhunú agus a thástáil atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine i gcásanna (leochaileacha)' arna maoiniú ag EaSI 2014-2020 (VP/2020/003). D'éirigh leis an tairiscint don tionscadal ar a dtugtar "Gníomhachtú Digiteach Tuismitheoirí Aonair" agus síníodh an comhaontú i mí na Samhna 2021. Is é €1,245,926.97 uasmhéid an deontais AE don tionscadal (80% de bhuiséad foriomlán an tionscadail) agus clúdaíonn sé seo tréimhse cur chun feidhme tionscadail 30 mí ó mhí na Samhna 2021 go mí Aibreán 2024. Tá €105,000 á chómhaoiniú ag an RCS, le suimeanna cómhaoinithe den chineál céanna ón bhFionlainn agus ón nGréig. Fuarthas an sciar tosaigh maoinithe (€373,778) ó EaSI i mí na Nollag 2021 agus clúdaíonn sé seo an chéad 12 mhí den tionscadal. Fuarthas an dara tráinse de €329,824.34 ar 3/04/2023. Scaipeadh méideanna €350,876.37 agus €281,556.94 in 2022 agus 2023 faoi seach. Táthar ag súil le tráinse a chomhfhreagraíonn do 20% den deontas i R1 2024.

6.5 Íocaíochtaí úis déanacha

	2023 €000	2022 €000
Íocaíochtaí úis	<u>10</u>	<u>4</u>

6.6 Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha

Ní raibh aon ghéilleadh iarchurtha de chaiteachas caipitil in 2023.

6.7 Calaois agus calaois amhrasta

	Líon na gcásanna	2023 €000	2022 €000
Calaois	—	—	—
Calaois amhrasta	1	—	—

Nóta Cás amháin de chalaois amhrasta in 2023 atá faoi imscrúdú ag an nGarda faoi láthair.

Aguisín A Achoimre ar Chaiteachas na Scéime Coimirce Sóisialaí

	2023 € milliún	2022 € milliún
Vóta 37		
Caiteachas comhlán	12,799	12,817
Lúide caiteachas neamh-scéime		
Riarachán	(600)	(596)
Fóirdheontas an CÁS	—	—
Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	(59)	(56)
Seirbhísí ilghnéitheacha	(5)	(6)
Vóta 37 caiteachas na scéime (A)	12,135	12,159
An Ciste Árachais Shóisialaigh		
Caiteachas comhlán	13,366	12,927
Lúide caiteachas neamh-scéime		
Riarachán	(280)	(264)
An Tobhach Náisiúnta Oiliúna	(1,066)	(951)
Caiteachas scéim an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)	12,020	11,712
Caiteachas iomlán scéim na Roinne (A+B)	24,155	23,871
<i>lena bhain</i>		
Scéimeanna Príomhshrutha	24,147	22,646
Scéimeanna Covid-19	8	1,225
Caiteachas iomlán na Roinne ar scéimeanna	24,155	23,871

Miondealú ar chaiteachas na scéimeanna

Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire	2023	2022
	€ milliún	€ milliún
Pinsin		
Pinsin Stáit (Ranníocach)	7,089	6,565
Pinsin Stáit (Neamhranníocach)	1,229	1,137
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	1,813	1,725
Deontas Méala	—	—
Iomlán	10,131	9,427
Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim		
Liúntas Cuardaitheora Poist	1,823	1,641
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora	680	614
Sochar Cuardaitheora Poist	448	486
Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta	23	21
Sochar Máithreachais	269	263
Sochar Atharthachta, Sochar do Thuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch	93	79
Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach,	121	121
Cúnamh Feirme	54	56
Sochar Banchéile Thréigthe	63	64
Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile	40	23
Íocaíochtaí Riachtanas Breise	72	58
Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	143	129
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach)	12	12
Liúntas Banchéile Thréigthe	1	1
Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19	0	198
Iomlán	3,842	3,766
Íocaíochtaí Forlíontacha		
Liúntas Cíosa	—	1
Cúnamh Bia agus Ábhar	6	5
Íocaíochtaí Neachtlannta Maigdiléana agus Institiúidí eile	3	3
Forlíonadh Cíosa	63	75
Pacáiste Sochair Teaghlaigh	286	282
Liúntas Tacaíochta Teileafóin	19	18
Liúntas Breosla	502	576
Saorthaisteal	93	89
Iomlán	972	1,049

	2023 € milliún	2022 € milliún
Aois Oibre Tacaíochtaí Fostaíochta		
Fostaíocht don Phobal	341	329
Liúntas chun Fhilleadh ar an Oideachas	31	40
An Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair	30	32
Tús	83	90
JobsPlus	4	4
Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta Eile	5	11
Scéim Shóisialta Tuaithe	50	49
Tionscnamh Post	11	12
Scéim Fostaíochta Áitiúil	—	15
Clubanna Fostaíochta	—	2
Clár Socrúcháin Taithí Oibre	3	2
Sochar Cumais Pháirtigh	25	26
Scéimeanna na Seirbhíse Fostaíochta Poiblí ar Conradh (SFP)	59	13
Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá Covid-19 (SFSP)	1	1
Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta Covid-19 (SFPF)	6	839
Iomlán	649	1,465
Breoteacht, Míchumas agus Cúramóirí		
Liúntas Míchumais	2,174	2,016
Sochar Breoteachta	662	801
Pinsean Easláine	794	766
Íocaíocht Cúramóra	1,139	1,042
Deontas Tacaíochta Cúramóra	332	328
Liúntas Cúraim Bhaile	259	224
Scéim Fóirdheontas Pá	22	20
Sochar Míthreorach	74	70
Pinsean na nDall	13	13
Sochar Báis	11	11
Sochar Díobhála agus Cúram Leighis	9	9
Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais	10	9
Iomlán	5,499	5,309
Leanaí		
Sochar Linbh	2,428	2,286
Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht	392	361
An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar an Obair	10	11
Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua	86	86
Béilí Scoile	109	78
Íocaíochtaí Eile Bainteach le Leanaí	37	33
Iomlán	3,062	2,855
Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir	24,155	23,871